2025/683

16.4.2025

MOLADH (AE) 2025/683 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Aibreán 2025

maidir le liostaí náisiúnta rialaithe a chomhordú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 292, an tríú habairt, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) an 20 Bealtaine 2021 ('an Rialachán'), bunaítear córas de chuid an Aontais chun onnmhairí, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú. Leis an gcomhchóras rialuithe onnmhairí ar ítimí dé-úsáide a bhunaítear leis an Rialachán, áirithítear comhlíontacht ghealltanais agus fhreagrachtaí idirnáisiúnta na mBallstát agus an Aontais, amhail Rún 1540 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ([2]), agus comhlíontacht na ngealltanas arna gcomhaontú i gcórais iltaobhacha rialaithe onnmhairí agus conarthaí maidir le neamhleathadh.

(2) Le hAirteagal 9 den Rialachán, ceadaítear do na Ballstáit liostaí náisiúnta rialaithe a ghlacadh. A luaithe a thabharfaidh an Ballstát atá ag glacadh liosta náisiúnta rialaithe fógra faoin liosta don Choimisiún agus do na Ballstáit eile agus a fhoilseofar é i mbailiúchán liostaí náisiúnta rialaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* i gcomhréir le hAirteagal 9, ar bhonn Airteagal 10 den Rialachán, féadfaidh Ballstáit eile údarú a éileamh chun ítimí atá foilsithe sa bhailiúchán a onnmhairiú.

(3) Mar a moladh sa Pháipéar Bán ón gCoimisiún maidir le Rialuithe Onnmhairiúcháin ([3]), féadfaidh an Moladh seo tacú le liostaí náisiúnta rialaithe arna nglacadh ag na Ballstáit d'fhonn feabhas a chur ar chomhordú agus ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chomhchórais rialuithe onnmhairí ar ítimí dé-úsáide.

(4) Soláthraítear leis an Moladh seo creat comhordúcháin lena gcuirtear ar a chumas do Bhallstáit, ar bhonn deonach, rioscaí comhchosúla a shainaithint agus comhordú lena chéile agus iad i mbun liostaí náisiúnta rialaithe a dhearadh. Éascaítear leis freisin malartú faisnéise i measc na mBallstát agus an Choimisiúin roimh ghlacadh liostaí náisiúnta rialaithe den sórt sin agus ina dhiaidh. Ina theannta sin, ceadaítear don Bhallstát atá ag glacadh liosta aon fhaisnéis bhreise a sholáthraíonn Ballstáit eile nó an Coimisiún a mheas, agus tairbhiú di. I gcás inarb ábhartha, cuirtear san áireamh sa chomhordú sin an saineolas teicniúil agus na rialuithe arna bhforbairt i gcomhthéacs na gcóras iltaobhach rialaithe onnmhairí.

(5) Tá an Moladh seo gan dochar d'fhorálacha Chonradh Euratom.

(6) Tá an Moladh seo gan dochar freisin do cheart na mBallstát liostaí náisiúnta rialaithe a ghlacadh faoi na ceanglais nós imeachta a leagtar amach ina ndlí náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

Moltar gur cheart do na Ballstáit liostaí náisiúnta rialaithe a chomhordú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Moladh seo chun a n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2021/821 a chomhlíonadh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Maroš ŠEFČOVIČ
Comhalta den Choimisiún

([1]) Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/821/oj).
([2]) Rún 1540 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA) (28 Aibreán 2004, SR/RES/1540).
([3]) COM(2024) 25 final, 24.1.2024.

IARSCRÍBHINN

FOIRMLIÚ NA LIOSTAÍ NÁISIÚNTA RIALAITHE

1. I gcomhréir leis an gcur chuige maidir leis na rialuithe onnmhairí ar ítimí dé-úsáide a leagtar amach in Iarscríbhinn I den Rialachán, ba cheart liostaí náisiúnta rialaithe a bheith bunaithe, nuair is iomchuí agus ábhartha, ar mheasúnuithe náisiúnta riosca agus paraiméadair theicniúla oibiachtúla atá cosúil le paraiméadair na liostaí rialaithe a sholáthraítear le córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí, lena n-áirítear nótaí teicniúla, más iomchuí, agus atá struchtúrtha mar iontrálacha a shainaithnítear ina haonar le cód rialaithe alfa-uimhriúil. I gcás inarb ábhartha agus ar bhonn deonach, ba cheart do liostaí náisiúnta rialaithe raon feidhme na rialuithe arna mbreithniú ag na córais iltaobhacha rialaithe onnmhairí a leanúint.

CREAT COMHORDÚCHÁIN

2. Na Ballstáit a bheartaíonn liosta náisiúnta rialaithe a ghlacadh, ba cheart dóibh, ar bhonn deonach, na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na rioscaí sainaitheanta agus na rialuithe náisiúnta faoi bhreithniú a fhreagraíonn do na rioscaí sin.

3. Má tá sí le fáil agus ar bhonn deonach, d'fhéadfadh gnéithe amhail na gnéithe seo a leanas a bheith san fhaisnéis sin:

   (a) an raon feidhme atá beartaithe;

   (b) an tionchar atá ag an liosta náisiúnta rialaithe faoi bhreithniú ar oibreoirí eacnamaíocha an Aontais;

   (c) faisnéis ábhartha eile le haghaidh ullmhú an liosta náisiúnta rialaithe.

4. Na Ballstáit a shainaithníonn rioscaí comhionanna nó comhchosúla agus a bhfuil rún acu ítimí comhchosúla a rialú, ba cheart dóibh, ar bhonn deonach, comhordú le chéile agus iad i mbun a liostaí náisiúnta rialaithe féin a dhearadh.

5. Na Ballstáit atá i mbun a liostaí náisiúnta rialaithe a dhearadh, ba cheart dóibh, ar bhonn deonach, nuashonruithe rialta a sholáthar do na Ballstáit eile agus don Choimisiún maidir leis an dul chun cinn i dtreo bhailchríoch na mbeart den sórt sin.

6. Na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu liosta náisiúnta rialaithe a ghlacadh, ba cheart dóibh, ar bhonn deonach, dréacht i scríbhinn den liosta náisiúnta rialaithe a roinnt leis an gCoimisiún agus na Ballstáit eile sula nglacfar é.

7. Féadfaidh an Coimisiún agus Ballstáit eile barúlacha ábhartha a sholáthar don Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige liosta náisiúnta rialaithe a ghlacadh.

8. Má fhaigheann Ballstát a bhfuil sé beartaithe aige liosta náisiúnta rialaithe a ghlacadh barúlacha ó Bhallstáit eile nó ón gCoimisiún, ba cheart dó na barúlacha sin a mheas, gan dochar dá cheart liostaí náisiúnta rialaithe a ghlacadh faoi na ceanglais nós imeachta a leagtar amach ina dhlí náisiúnta.

9. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag Ballstáit atá ag comhordú lena chéile agus iad ag dearadh a liostaí náisiúnta rialaithe féin na liostaí a ghlacadh agus fógra a thabhairt fúthu an tráth céanna faoi Airteagal 9(2) den Rialachán, agus na ceanglais nós imeachta a leagtar amach sa dlí náisiúnta á gcur san áireamh aon uair is féidir.

10. Tar éis ghlacadh na liostaí náisiúnta rialaithe, ba cheart do na Ballstáit, ar bhonn deonach, faisnéis a mhalartú maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na rialuithe faoin liosta náisiúnta rialaithe mar aon le haon bheart a dhéantar faoi Airteagal 10 den Rialachán.

11. Ba cheart don Choimisiún malartú faisnéise den sórt sin a éascú, lena n-áirítear trí mhodhanna slána cumarsáide a chur ar fáil.

MODHANNA CUMARSÁIDE

12. Ba cheart malartú faisnéise i scríbhinn ar mhaithe leis na Ballstáit uile agus an Coimisiún a dhéanamh tríd an gcóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 23(6) den Rialachán.

13. Ba cheart do na Ballstáit, ar bhonn deonach, faisnéis a sholáthar do na Ballstáit eile agus don Choimisiúin maidir le dul chun cinn a liostaí náisiúnta rialaithe.

14. Arna iarraidh sin don Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige liosta náisiúnta rialaithe a ghlacadh, féadfaidh an Mheitheal um Dhé-Úsáid (nó comhlacht ullmhúcháin ábhartha eile de chuid na Comhairle) a mholadh go bpléifear dréachtliosta sonrach náisiúnta rialaithe. I gcomaoin chineál na faisnéise atá le malartú agus na formáide atá á lorg ag an mBallstát a bhfuil sé beartaithe aige liosta náisiúnta rialaithe a ghlacadh, féadfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit faisnéis a mhalartú sa Ghrúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid arna bhunú faoi Airteagal 24 den Rialachán nó i bhfoirmíocht iomchuí eile.

15. Déanfaidh an Grúpa Comhordúcháin um Dhé-Úsáid thuasluaite agus b'fhéidir foirmíochtaí eile na bearta is gá chun rúndacht na bpléití agus na faisnéise a mhalartaítear a áirithiú.